

Céim ar Céim

Moltaí bandála don léitheoireacht faoi threoir

Tá 100 leabhar agus 20 céim sa chlár Céim ar Céim. Tá 5 leabhar i ngach céim agus iad curtha le chéile de réir téamaí agus ábhar don **léitheoireacht i gcomhpháirt**. Is féidir na leabhair a úsáid mar seo go fóill sna ceachtanna don léitheoireacht i gcomhpháirt, faoi stiúir an mhúinteora, leis an léitheoireacht a theagasc agus le teanga agus foclóir a fhorbairt.

Is féidir fosta na leabhair a úsáid sna ceachtanna ar an **léitheoireacht faoi threoir**, nó i ngrúpaí léitheoireachta, ach na leabhair a chur in ord deacrachta maidir le focail aitheanta agus focail agus frásaí nua. Sna nótaí seo, tá na leabhair curtha in ord deacrachta, nó i mbandaí léitheoireachta, agus tá taifead ann de na focail ardmhínicíochta atá clúdaithe sa chlár luathléitheoireachta Cleite agus na focail fuaime atá in Cleite agus in Fónaic na Gaeilge. Tá na focail nua cláraithe fosta le go dtig le múinteoirí dul i ngeic leo sa phlé roimh léamh leis na páistí a ullmhú agus le straitéisí léitheoireachta a chleachtadh. Tá liosta de na leabhair ann ó bhandaí 1 go 6 agus ansin, tá níos mó eolais ann ar bhriseadh síos an téacs. Is féidir an cur síos ar gach banda a úsáid le leabhair eile a chur i mbandaí léitheoireachta.

Is féidir na leabhair a thabhairt do pháistí le hathléamh don **léitheoireacht neamhspleách**. Is bealach é seo leis an teanga agus na straitéisí léitheoireachta agus tuisceana a dhaingniú. Is féidir díriú ar spriocanna éagsúla san athléamh, straitéis, fuaim nó foclóir a roghnú agus ligean do na páistí sin a fhiosrú go neamhspleách.

Teidil atá ar fáil mar leabhar mór chomh maith le leabhar beag:

| | |
|---|-----------------------------------|
| An dtig leat seo a dhéanamh? | <i>téacs ghnásúil</i> |
| Béir, Béir, Béir | <i>fantaisíocht le rím</i> |
| Béir Bhána | <i>leabhar eolais</i> |
| Feithidí | <i>cnuasach, dán agus 3 scéal</i> |
| Bó sa Chrann | <i>insint</i> |
| Déan Tuar Ceatha | <i>téacs ghnásúil</i> |
| Pióg Mhamó | <i>dráma</i> |
| Bia Blasta | <i>téacs ghnásúil</i> |
| Luchóga | <i>cnuasach, dán agus 3 scéal</i> |

Teidil Chéim ar Chéim i mbandaí don léitheoireacht faoi threoir

| | |
|--------------------|--|
| BANDA 1 | <p>Mo Theach (Céim 1) Cé atá ar an Fheirm (Céim 1) Chonaic Mé (Céim 1) Is Maith Linn Patrúin (Céim 2) An Fear Sneachta (Céim 2) Ag Dul ar Scoil (Céim 2)</p> |
| BANDA 2 | <p>Patrúin (Céim 1) Ag Fás (Céim 3) Cad é atá ann? (Céim 5) Dhá Éan Bheaga agus Scéalta Eile (Céim 1) Lá Breithe Sona (Céim 2) Boscaí Iontacha (Céim 4)</p> |
| BANDA 3 | <p>Déan Císte agus Scéalta Eile (Céim 2) An Faoileán (Céim 3) Múscail (Céim 3) Gráinne Gráinneog (Céim 3) An Cat sa Teach (Céim 3) Amharc amach ar an Fhuinneog (Céim 4) Ag Súgradh ar an Trá (Céim 4) Ag Séideadh leis an Ghaoth agus Scéalta Eile (Céim 4) Táimid ag Súgradh (Céim 5) Phéinteáil Peadar Pictiúr (Céim 6) Cé Leis an Ubh seo? (Céim 7) Lá Breithe Sona Duit (Céim 7)</p> |
| BANDA 4 | <p>Déan Eitleog (Céim 4) An Chuileog (Céim 5) Stad! Agus scéalta eile (Céim 5) Ná Déan Dearmad (Céim 5) Turas Oscair agus Scéalta Eile (Céim 6) Béir, Béir, Béir (Céim 7) Peataí ar Scoil (Céim 7) Is Cinnte Nach bhFuil (Céim 8) Turas sa Spás (Céim 8) Cén Dath atá Air? (Céim 8) Maidin Mhaith (Céim 9)</p> |

| | |
|--------------------|---|
| BANDA 5 | <p>Mo Theaghlach (Céim 6) An Ciste (Céim 6) Bó sa Chistin agus Scéalta eile (Céim 7) Dónall Dobhareach agus Scéalta eile (Céim 8) An bhfuil tú mór go leor (Céim 9) Bóin Dé (Céim 10) Na Géanna agus an Róimh (Céim 10) Ar an Traein (Céim 11) Bó sa Chrann (Céim 11) Tiománaí Traenach agus Scéalta Eile (Céim 11) Cat sa Chistin (Céim 15)</p> |
| BANDA 6 | <p>An dtig leat seo a dhéanamh? (Céim 6) Béir Bhána (Céim 8) Cad é atá an Damhán alla seo a dhéanamh (Céim 9) Dobhareacha (Céim 9) Feithidí agus Scéalta Eile (Céim 9) Deich Lacha (Céim 10) Géanna ag Coimhead (Céim 10) Ulchabháin (Céim 10) Na Beacha agus an Béar (Céim 11) An Búmarang (Céim 11) Mar a Cheap an Coinín an Ghrian (Céim 12) An Samhradh agus an Geimhreadh (Céim 12) Cé hiad na carachtair? (Céim 14) Lucaí Luchóg (Céim 15) An Troid ar an Chnoc (Céim 17) Tá Slaghdán ar an Dineasár (Céim 19)</p> |

Cur síos ar Bhanda 1 (Bándearg)

- Teideal a aimsiú, leabhar a oscailt agus leathanaigh a thiontú mar is ceart
- Tuigeann go léitear ó chlé go deas
- Ciall, patrúin teanga athráite agus roinnt litreacha a úsáid le téacs simplí a léamh
- Focail labhartha a mheaitseáil le focail i bprionta (comhfhreagras aon le haon)
- Focail atá ar eolas a úsáid le léitheoireacht a sheiceáil
- Focail shimplí CGC (consan, guta, consan) a léamh ó chlé go deas

Gnéithe an téacs:

- Teanga nádúrtha a leanann patrúin labhartha na bpáistí
- Téacs simplí, furasta a thuar, thart ar 35-100 focal, focail a bhaineann le rudaí agus gníomhaíochtaí aitheanta
- Abairt nó dhó le struchtúr athráite ina bhfuil, ar a laghad, dhá fhocal ardmhnicíochta agus, go minic athrú struchtúir ar an leathanach deireanach
- Léaráidí a thacaíonn leis an téacs
- Cló measartha mór agus spásanna soiléire idir na focail
- Téacs le poncaíocht san áit chéanna ar gach leathanach

Abairt athráite ar gach leathanach, focal amháin ag athrú, agus é sa phictiúr, athrú struchtúir, in amanna, ar an leathanach deireanach.

Bíonn páistí réidh le bogadh go Banda 2 nuair a bhíonn comhfhreagras aon le haon go cinnte acu agus thig leo thart ar 15 fhocal ardmhnicíochta a scríobh go cruinn. Ba cheart go mbeadh siad ábalta eolas ar fhóinéimí agus ar ghraiféimí a úsáid le cuid de na focail sa téacs a léamh.

Céim ar Chéim, Banda 1

| Teideal | Líon focal | Frása athráite ar gach leathanach Focail ardmhnicíochta | Focail suime léirithe sa phictiúr | Focail fuaim | Gnéithe teanga |
|--------------------------------|------------|--|--|--|---|
| Mo Theach (Céim 1) | 23 | Seo mo ... anseo | Ar gach lch x1 mo theach mo luascán mo dhréimire crainn | <i>Litir amháin,</i> <i>fuaim amháin</i> tá, cat, mise, sásta <i>Dhá litir, fuaim</i> <i>amháin</i> mo chat mo chrann | mo agus séimhiú |
| Cé atá ar an Fheirm (Céim 1) | | Tá ... ar an <i>fheirm</i> | Ar gach lch x 2 capaill caoirigh madaí sicíní cait páistí | <i>Litir amháin,</i> <i>fuaim amháin</i> muca, fosta | ar an + séimhiú iolraí comhartha uaillbhreasa |
| Chonaic Mé (Céim 1) | 32 | Chonaic mé ... | Ar gach lch x2 seacht n-éan cúig choinín ceithre iora rua trí mhadadh dhá fhéileacán beach amháin rith abhaile lacha | <i>Litir amháin,</i> <i>fuaim amháin</i> mé, sé, trí | uimhreacha |
| Is Maith Linn Patrúin (Céim 2) | 29 | Tá mé ag ... is maith linn seo ag | Ar gach lch x1 úsáid iad stampáil séideadh priontáil cuimilt péinteáil páistí patrúin | <i>Litir amháin,</i> <i>fuaim amháin</i> tá, mé, fí, le, clár | Struchtúr agus comhréir |
| An Fear Sneachta (Céim 2) | 29 | Rinne mé ... Chuir mé ... air | Ar gach lch x1 fear sneachta | <i>Litir amháin,</i> <i>fuaim amháin</i> an, mé, srón, | Comhartha uaillbhreasa |

| | | | | | |
|---|----|---|---|---|---|
| | | | súile béal | hata <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> lámha, amharc | Comharthaí cainte |
| Ag Dul ar Scoil (Céim 2) | 44 | ... arsa Mamaí ... arsa Cathal dul | Ar gach lch x2 scoil geansaí scairf miotóga mála scoile | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> ag, ar, ó, arsa, cóta, hata, mála, bróga <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> Cathal | Comharthaí cainte Comhartha ceiste |

Banda 2 (Dearg)

- Teideal a aimsiú agus a rá
- Comhfhreagras aon le haon a dhaingniú i réimse de théacsanna
- Focail atá ar eolas a úsáid le léitheoireacht a sheiceáil
- Fóinéimí a nascadh ó chlé go deas i bhfocail shimplí, ciall agus comhréir a úsáid, lena chinntiú go bhfuil ciall leo
- Tosú a léamh le rithim nó frásaí a úsáid agus smacht a choinneáil ar phrionta a leanúint ag an am céanna
- Focail, frásaí nó abairtí a athrá lena seiceáil, lena gcinntiú nó leis an léitheoireacht a athrú

Gnéithe an téacs:

- Téacs rud beag níos faide, atá furasta a thuar agus a bhaineann le rudaí agus gníomhaíochtaí aitheanta
- Roinnt abairtí/frásaí athráite ina bhfuil focail ardmhnicíochta agus focail shimplí a dtig le páistí iad a dhíchódú trí fhóinéimí a nascadh
- Abairtí gearra, soiléire a leanann patrúin chainte na bpáistí
- Léaráidí a thacaíonn leis an téacs
- Scéal simplí le sonrú (sna téacsanna ficsin)
- Téacs neamhficsin ina bhfuil éagsúlacht sa leagan amach
- Cló measartha mór le spásanna soiléire idir na focail agus réimse leathan de phoncaíocht

Abairtí athráite ar gach leathanach ach athrú beag ann. In amanna dhá struchtúr abairte sa leabhar. Focal nó dhá fhocal suime ar gach leathanach agus é/iad soiléir sa phictiúr.

Bíonn páistí réidh le bogadh go Banda 3 nuair nach gá mórán airde a dhíriú ar chomhfhreagras aon le haon agus thig leo thart ar 30 focal ardmhnicíochta a léamh agus a scríobh go gasta agus go cruinn. Thig leo focail shimplí sa téacs nach bhfaca siad roimhe a fhuaimniú amach. Is féidir taifead reatha a thosú ón pointe seo ar aghaidh.

Céim ar Chéim, Banda 2

| Teideal | Líon focal | Frásaí athráite Focail ardmhnicíochta | Focail suime léirithe sa phictiúr | Focail fuaime | Gnéithe teanga |
|--|------------------------|--|--|--|--|
| Patrúin (Céim 1) | 38 | Amharc go bhfeicfidh tú. ... atá ann | Ar gach lch x1 iasc féileacán sliogán séabra meitseáil patrúin | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> go, tú, na, atá <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> ann amharc bláth | Struchtúr agus comhréir |
| Ag Fás (Céim 3) | 40 | Seo atá ann. | Ar gach lch x2 coileán madadh gamhain banbh síol mo bhabaí | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> i, mo, mé, ag, bó, óg, fás, frog, mise, agus, atá, torbán <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> ann crann | |
| Cad é atá ann? (Céim 5) | 50 | Tá ... air. Cad é atá ann? ... atá ann. | Ar gach lch x1 éan cleití fionnadh caora dealga gráinneog iasc | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> cad, é, tá, cat, atá <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> ann olann lanna | Struchtúr – ceist agus freagra Innéacs |
| Dhá Éan Bheaga agus Scéalta Eile (Céim 1) | 40 <i>(gan dán)</i> | Tá mise ag ... Thug mé ... don éan | Ar gach lch x2 dreapadh luascadh eitilt preabadh sábháilte éan bia | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> tá, Pól, tar, don, slán, mise, fosta | Dán agus 2 scéal Clár a úsáid |

| | | | | | |
|---|----|--|--|--|--|
| | | | uisce bréagán aire | | |
| Lá Breithe Sona (Céim 2) | 44 | Cé atá ar an ... Mise. Tá ... orm. | Ar gach lch x2 an chathaoir ghlas an chathaoir bhuí buí an chathaoir ghorm an chathaoir dhearg inniu lá breithe | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> lá, cé, ar, an, tá, mo, glas, mise, sona, atá, hata orm, gorm (guta cúnta) <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> ghlas | Struchtúr - Ceist agus freagra |
| Boscaí Iontacha (Céim 4) | 66 | Rinne mé ... as an bhosca. Is ... mé. | Ar gach lch x2 captaen roicéad spásaire eitleán píolóta rásáí inneall dóiteáin trodaí tine traein tiománaí traenach is iomaí boscaí | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> mé, as, an, is, mé, rud, rása, tine <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> carr, long, bhosca | Struchtúr agus comhréir Clár a úsáid |

Banda 3 (Buí)

- Leanann an prionta le súile, ag díriú méar ar dhúshláin amháin
- Níos mó airde dírithe ar phoncaíocht le tacú le pointí gramadaí agus rithim na teanga
- Foinsí eolais a úsáid níos gasta le léitheoireacht a sheiceáil
- Eolas ar fhocail radhairc agus fhóinéimí a úsáid le focail nua a léamh, m.sh. nach/gach
- Eolas a chuardach sa téacs le tuar a dhéanamh, le seiceáil agus le focail nua a thriail
- Ceangail a aithint idir dhá théacs
- Tuar a dhéanamh le níos mó mionsonraí

Gnéithe an téacs:

- Roinnt athráite le frásaí, smaointe agus foclóir
- Struchtúr abairte ag athrú
- Scéal cinnte ann ina bhfuil imeachtaí agus amlíne
- Roinnt coinbhinsiún litearthachta agus struchtúr atá ag teacht le teanga labhartha
- Scéalta le himeachtaí ón tsamhlaíocht agus iad i bhfráma le taithí aitheanta
- Taithí phearsanta agus patrúin teanga aitheanta sna téacsanna neamhfhicsin
- Léaráidí a thacaíonn leis an téacs

Roinnt leabhar le struchtúr athráite ach castachtaí eile ann. Struchtúr ag athrú. Scéal cinnte ó thús go deireadh. Teanga ag teacht níos mó le teanga labhartha.

Bíonn páistí réidh le bogadh go Banda 4 nuair a leantar an chuid is mó den téacs leis an tsúil agus díritear méar ar chorrhocail amháin. Thig leo focail nua a thriail trí chomhréir nó ciall na habairte nó trí eolas a úsáid ar struchtúr scríofa agus patrúin atá i gcoitinne le focail eile atá ar eolas. Is féidir taifead reatha a úsáid le caighdeán na léitheoireachta a mheas go cruinn.

Céim ar Chéim, Banda 3

| Teideal | Líon focal | Frásaí athráite Focail ardmhnicíochta | Focail suime léirithe sa phictiúr | Focail fuaime | Gnéithe teanga |
|---------------------------------------|-----------------|--|---|---|--|
| Déan Ciste agus Scéalta Eile (Céim 2) | 73 (gan dán) | Chuir mé ... air Cuir isteach ... le do thoil, arsa Mamó is maith liom an | Ar gach lch x2/3 fear sinséir súile béal oigheann d'ith braon bainne ubh friochtán Sorcha | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> mé, an, sé, le, do, san, tóg, srón, plúr, arsa, blasta, Mamó, cúpla, pancóga | Dán agus 2 scéal. Caint dhíreach, comharthaí cainte |
| An Faoileán (Céim 3) | 86 | D'amharc an faoileán ar an ... Níl mé i mo chónaí anseo, ar seisean. | Ar gach lch x1 faoileán ar an ghairdín i mo chónaí an pháirc an choill abhainn | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> an, ar, níl, mé, i, mo, is, trá, atá <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> linn snámha <i>Léirithe éagsúla d'fhuaim chónaí</i> | Struchtúr abairte. D' san aimsir chaite. |
| Múscail (Céim 3) | 44 | Mhúscail an ... an ... sa ... tá an | Ar gach lch x2 béabhar an t-iora rua nathair nimhe béar sa phluais músclaíge an t-earrach | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> an, sa, frog, turtar, damba <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> loch, chrann, pholl, linn, ph (phluais), mh (nimhe), bh (béabhar), th (nathair) <i>Fuaimeanna coitianta</i> rua, pluais | Poncanna a léiríonn abairt a leanúint sa + séimhiú Comhartha uailbhreasa |

| | | | | | |
|--|--------------|--|--|---|--|
| Gráinne Gráinneog (Céim 3) | 72 | Amharc ... atá ann, arsa ... Tá ... leat arsa is liomsa seo ag | Ar gach lch x 2/3 Gráinne gráinneog seilide seilidí cuiteog cuiteoga bóin Dé bóiní Dé ubh uibheacha bia cait imigh Mollaí | <i>Litir amháin, fuaim amháin atá, arsa, blasta, lorg (guta cúnta)</i> <i>Dhá litir, fuaim amháin ann, amharc</i> <i>Léirithe éagsúla d'fhuaim seilidí, bóiní, imigh, Mollaí</i> <i>Fuaimeanna coitianta bia</i> | Struchtúr abairte. Caint dhíreach. uatha/ iolra |
| An Cat sa Teach (Céim 3) | 93 (gan dán) | ar, an, na, mo, mé arsa, mise, níor, suas, síos, isteach léim, thit, obair, chuaigh tháinig thosaigh d'oscail | Ar gach lch x2/3 Daidí oíche mhaith céimeanna an fhuinneog leaba shéid an ghaoth mhúscail níor mhúscail Mollaí craobh leoraí cuisneoir | <i>Litir amháin, fuaim amháin a, sa, ar, an, mo, prr, den, arsa, Cití, mise, mí-á-ú, cosán</i> <i>Dhá litir, fuaim amháin a Chití, sa chrann, mh (mhúscail, mhaith), gh (ghaoth), sh (shéid)</i> <i>Léirithe éagsúla d'fhuaim – Daidí, Mollaí, leoraí</i> | Dán agus 2 scéal. Caint dhíreach Comhréir |
| Amharc amach ar an Fhuinneog (Céim 4) | 67 | Amharc amach ar an ... Cad é a fheiceann tú? Feicim na páistí ag súgradh ... táimid | Ar gach lch x3 faoin ghrian san fhearhainn sneachta tintreach istigh | <i>Litir amháin, fuaim amháin ar, an, cad é, a, tú, na, ag, san, sa</i> <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> | Struchtúr – ceist agus freagra |

| | | | | | |
|---|--------------------|---|---|---|---|
| | | | | <p>amach, amharc, fanacht, fh (fhearhainn), gh (ghrian)</p> <p><i>Léirithe éagsúla d'fhuaim sneachta, fearhainn, tintreach - súgradh</i></p> | |
| <p>Ag Súgradh ar an Trá (Céim 4)</p> | 48 | <p>ar, an, na, dul, agus thig, leis, linn rith, léim</p> | <p>Ar gach lch x 2/3 ar an ghaineamh rothaíocht a thochailt portáin a chuardach ainm scríobh a haon</p> | <p><i>Litir amháin, fuaim amháin trá, a dó, a trí, spáda</i></p> <p><i>Dhá litir, fuaim amháin poll, fanacht, tonnta, th (thochailt), ch (chuardach), gh (ghaineamh)</i></p> | <p>Struchtúr- Thig linn...</p> <p>Poncanna a léiríonn abairt ag leanúint</p> |
| <p>Ag Séideadh leis an Ghaoth agus Scéalta Eile (Céim 4)</p> | 79 (gan dán) | <p>an, ag, is, mo, seo, sé, tú, atá, ann, arsa, amharc, den</p> <p>Daidí, suas, ar ais an bhfaca ní fhaca</p> | <p>Ar gach lch x2/3 shéid an ghaoth Dhaidí Suas anuas nead lon dubh gealbhan láidir a Oscair</p> | <p><i>Litir amháin, fuaim amháin an, sa, mo, go, ar, tú, ní, ag, sé, lón, den, tar, atá, arsa, hata, Oscar</i></p> <p><i>Dhá/trí litir, fuaim amháin sa chrann, ann, amharc, ní fhaca, an bhfaca, dh (dhaidí), bh (gealbhan), sh (shéid)</i></p> <p><i>Fuaimeanna coitianta anuas, suas</i></p> | <p>Dán agus 2 scéal. Struchtúr 'ceist agus freagra'</p> <p>Caint dhíreach</p> <p>Clár a úsáid</p> |

| | | | | | |
|------------------------------------|-----|--|---|---|--|
| Táimid ag Súgradh (Céim 5) | 97 | Tá mise ag ... An dtig libhse ... Ní thig. dul faoin uisce | Ar gach lch x2-4 moncaí luascadh uilig eitilt dobhareach | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> na, an, ag, ní, tá, i, há, turtar, mise <i>Dhá/trí litir, fuaim amháin</i> thig, linn, i bhfolach <i>Léirithe éagsúla d'fhuaim</i> moncaí - luascadh | Struchtúr dráma. Poncaíocht. |
| Phéinteáil Peadar Pictiúr (Céim 6) | 79 | “Cad é a thig liom a péinteáil?” arsa ... “Thig leat ... a péinteáil,” arsa ... d’amharc teach Mamáí Daidí agam | Ar gach lch x3/4 Peadar péinteanna a péinteáil seisean dearg bheag beach Daideo bhuí a chuid tá a fhios féin | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> ar, a, cad, é, mé, mór, ard, glas, arsa, Mamó, agam <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> thig, luchóg, bhán , crann, ph (<i>phéinteáil</i>), bh (<i>bheag</i>), bh (<i>bhuí</i>), ch (<i>chuid</i>) <i>Léirithe éagsúla d'fhuaim</i> Peadar, dearg, bheag, beach | Struchtúr abairte le ceist agus freagra Comhartha cainte |
| Cé Leis an Ubh seo? (Céim 7) | 106 | tá, ar, an, na, ag, sa, dul, seo, mé, is, í, ní, atá, cé, amharc anois, d’amharc, leis, liomsa, anois, thuas, uisce | Ar gach lch x2/3 na hainmhithe ubh ainmhí na huibheacha nead sa ghaineamh thuas cois farraige a shuí | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> na, ar, an, cé, ní, í, is, sa, san, go hard, frog, atá <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> gach, mhór , bhán , crogall | Struchtúr dráma. Ceist agus freagra Comhréir – cé leis/is liom |

| | | | | | |
|---|------------|--|--|--|--|
| <p>Lá Breithe Sona Duit (Céim 7)</p> | <p>109</p> | <p>ag, an, na, seo, do, é, cé, hé, ní, atá, ann</p> <p>anois, duit, cá bhfuil, isteach</p> | <p>Ar gach lch x 2/3</p> <p>cnag</p> <p>iora rua</p> <p>d'fheadóg</p> <p>coinín</p> <p>hataí</p> <p>feadóga</p> <p>lá breithe</p> | <p><i>Litir amháin, fuaim amháin</i></p> <p><i>cé, ag, an, tar, do, cat, é, cá, na, lá, frog, atá, doras, hata, sona</i></p> <p><i>Dhá litir, fuaim amháin</i></p> <p><i>ann, luchóg</i></p> <p><i>Léirithe éagsúla d'fhuaim</i></p> <p><i>coinín, hataí, feadóg</i></p> | <p>Struchtúr 'ceist agus freagra', Cé atá ann?/ Cat atá ann. An é cat atá ann?/Ní hé cat atá ann.</p> <p>Uatha/iolra</p> |
|---|------------|--|--|--|--|

Banda 4 (Gorm)

- Gluaiseacht trí téacs ag díriú aird ar chiall, ar phrionta agus ar struchtúr abairte go líofa
- Féincheartú, ansin bogadh ar aghaidh go gasta
- Focail nua a léamh trí eolas i bprionta a úsáid agus trí thuiscint ar an téacs le focail a thriail
- Athléamh le frásaíocht a fheabhsú agus le ciall níos cinnte a léiriú
- Focail dhéshiollacha a léamh trí amharc ar an dá chuid den fhocal agus iad a léamh i gceart
- Réimse níos leithne de sheánraí a láimhseáil
- Téacs a phlé ar dhóigh a léiríonn tuiscint

Gnéithe an téacs:

- Níos mó de réimse sna patrúin agus i struchtúr na habairte
- Teanga na litearthachta measctha le teanga nádúrtha
- Abairtí athráite níos faide nó mar ‘churfá’
- Níos mó línte téacs, suas le 6-8 líne
- Níos mó imeachtaí sna scéalta
- Téarmaí teibí agus abairtí neamhphearsanta sna leabhair neamhfhicsin
- Tacaíonn na pictiúir leis an scéal seachas le ciall na bhfocal
- Focail a bhfuil cuma aitheanta orthu agus ar féidir iad a léamh trí dhíchódú

Réimse níos leithne de struchtúr abairtí. Abairtí athráite níos faide nó mar ‘churfá’. Suas le 8 líne téacs ar leathanaigh. Scéal cinnte ó thús go deireadh le himeachtaí. Teanga na litearthachta chomh maith le teanga labhartha.

Céim ar Chéim, Banda 4

| Teideal | Líon focal/ líne | Focail ardmhnicíochta | Focail suime | Focail fuaime | Gnéithe teanga |
|---|---------------------------------------|--|--|--|--|
| Déan Eitleog (Céim 4) | 45 2-3 líne | na, le, an, ar, í, den beag, deas, maith, cuir, gearr | Ar gach lch x2/3 píosa le chéile téip cearnóg den cheallafán ceallafán greamaigh maisigh eireaball ceangail sreang eitleog | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> den, sífín, sífíní <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> amach, mhór, thú, nach, ch (<i>cheallafán</i>) <i>Léirithe éagsúla d'fhuaim</i> cearnóg, ceallafán, greamaigh, deas, gearr, ceangail, sreang | Treoracha le briathra sa mhodh ordaitheach Pictiúir le lipéid |
| An Chuileog (Céim 5) | 89 2-8 líne | Bhí ... ar an ... agus chonaic sé “Stad!” arsa an ... Ach chuaigh an ... ar aghaidh. an, sa, sé, ar, sí, arsa níor isteach | Ar gach lch x2/3 damhán alla sa ghréasán an chuileog laghairt an charraig stoc crainn cuileoga iasc an t-iasc | <i>Litir amháin, fuaim amháin</i> stad, frog, stoc, mmm, blasta <i>Dhá litir, fuaim amháin</i> damhán, alla, ach, lochán <i>Fuaimeanna coitianta –</i> iasc, an t-iasc | Struchtúr abairte níos faide le agus . Comharthaí cainte. Uatha/iolra |
| Stad! Agus scéalta eile (Céim 5) | 116 (<i>gan dán</i>) 1-5 líne | tá, an, dul, bhí, amharc, agus, arsa, anseo, mise, cad é Mamaí, Daidí, tháinig, beag, thig, linn, leo, siadsan | Ar gach lch x2/3 foghlaím gabh Sailí Daideo eilifint ag iarraidh trasna an bhóthair dearg tíogar leoraí | <i>Litir amháin, fuaim amháin -</i> Ben, fan, cé, bus, mór, mar, glas, stad, gorm, trasna, turtar <i>Dhá litir, fuaim amháin -</i> ach, carr, róghasta, trácht | Dán agus 2 scéal. Comhartha cainte. Struchtúr ‘ceist agus freagra’ Clár a úsáid |

| | | | | | |
|--|------------------------------|---|---|--|---|
| | | | séabra cuirfidh | | |
| Ná Déan Dearmad (Céim 5) | 103 2-5 líne | “Cad é atáimid ag dul a dhéanamh inniu?” arsa Ciara. “Ba mhaith liom dul amach sa ...” “Ná déan dearmad ar do ...” mo Mamaí chuig Daidí ormsa | Ar gach lch x2/3 Ciara bádóir cuairt do chrios sa pháirc | <i>Litir amháin, fuaim amháin - Mamó, Oscar</i> <i>Dhá litir, fuaim amháin - amach, rothar, sa bhád, chlogad, chasóg, tarrthála, sábhála</i> <i>Fuaimeanna coitianta – Ciara, cuairt</i> | Struchtúr ‘ceist agus freagra’. Do agus séimhiú. |
| Turas Oscair agus Scéalta Eile (Céim 6) | 134 (gan dán) 2-9 líne | ar, an, na, seo, sí, sé, mé, arsa, cad é, ann, arsa leis, isteach, faoi, faoin, sise, duit, chuir d’imigh, d’oscail, d’amharc inti, uirthi, léi Mamaí, Daidí, Mamó, Daideo, liathróid | Ar gach lch x2/3 Róisín cairt stocaí gheata chóir crainn lean riamh | <i>Litir amháin, fuaim amháin - cat, nár, rud, ná, sise, bosca, Mamó, hata</i> <i>Dhá litir, fuaim amháin - thar, mhór, chosán, ar bhus, ar an bhóthar</i> <i>Léirithe éagsúla d’fhuaim – Róisín, sí, Daidí, Mamaí, stocaí, faoi, inti, uirthi</i> <i>Fuaimeanna coitianta – liathróid, riamh</i> | Dán agus 2 scéal. Struchtúr le rím |
| Béir, Béir, Béir (Céim 7) | 83 2-5 líne | tá, is, an, ag, ná, dul, agus, cad é, bhí, mé, atá déan, déanamh Mamaí, Daidí, | Ar gach lch x 3-4 chéad bhéar glanadh nigh spraoi béar ceathrú | <i>Litir amháin, fuaim amháin - spórt, ná, mar, dara, clábar, slupar, slabar, doras, turas, cliste, scíste,</i> | Struchtúr le rím. Orduimhreacha |

| | | | | | |
|---------------------------------------|----------------------------|---|--|--|--|
| | | <p>uisce, gáire</p> <p>beag, suas, go dtí, isteach</p> | <p>cúigiú staighre amharcaigí téann cúig tagaigí</p> | <p>clíste</p> <p><i>Dhá litir, fuaim amháin - nach, amach</i></p> <p><i>Léirithe eagsúla d'fhuaim – ceathrú, cúigiú, déanamh, glanadh - bhí, Daidí, tagaigí, amharcaigí, Mamaí, nigh, spraoi</i></p> | |
| <p>Peataí ar Scoil (Céim 7)</p> | <p>143</p> <p>1-6 líne</p> | <p>tá, ag, ar, na, sé, é, bhí, is, seo, leo, atá, tú, dul, agus, cad é, de, amharc</p> <p>maith, leis, air, againn, muid, bheith, faoi</p> <p>rinne, fuair</p> <p>a thabhairt, an dtig, a dhéanamh</p> <p>scoil, uisce, duine, pictiúir</p> <p>siúl, caint, scríobh,</p> <p>inniu, arís</p> | <p>Ar gach lch x2-5</p> <p>peataí i mboscaí madaí coinín uan firéad Fionn Seán an t-ainm seirbilí pictiúir múinteoir duais</p> | <p><i>Litir amháin, fuaim amháin - Pam, Cam, Mac, Pac, mar, Úna, Síle, piscíní, arís, Rambó, cocatú</i></p> <p><i>Dhá litir, fuaim amháin - i gcásanna, gach, amharc, pizza, thug, linn, th (a thabhairt), mb (i mboscaí), dt (an dtig).</i></p> <p><i>Léirithe éagsúla d'fhuaim – bhí, seirbilí, peataí, madaí, i mboscaí</i></p> | <p>Neamhfhicsean.</p> <p>Bolgáin chainte.</p> <p>Uatha/Iolra</p> |
| <p>Is Cinnte Nach bhFuil (Céim 8)</p> | <p>214</p> <p>3-6 líne</p> | <p>Cá bhfuil tú ag dul?, an bhfuil tú?</p> <p>tá, mé, ag, sa, is, níl, dul cinnte, súgradh, teacht, amach, isteach</p> | <p>Ar gach lch x2/3</p> <p>a choinín a Leoin sa choill a Shéabra a Laghairt a Chearc a Mhoncaí ainmhí</p> | <p><i>Dhá litir, fuaim amháin - fanacht, cinnte, nach, ach, amach, mh (a Mhoncaí/ amháin), mh (ainmhí), ch (a Chearc/ sa</i></p> | <p>An chopail.</p> <p>Ceist agus freagra - athráite.</p> <p>Tuiseal gairmeach.</p> |

| | | | | | |
|---|---|--|---|---|--|
| | | | amháin Leon | <i>choill), sh (a Shéabra)</i> | |
| Turas sa Spás (Céim 8) | 84 <i>(gan chlár/ innéacs)</i> 3-4 líne | tá, na, ag, sa, dul isteach, suas, siad, ní bhíonn, orthu, teacht chuig, nuair, ar ais obair | Ar gach lch x 2/3 éirí spásairí taobh istigh culaith spáis amuigh tuirlingt | <i>Litir amháin, fuaim amháin - spás, den, tanc</i> <i>Dhá litir, fuaim amháin - spáslong, amanna, Domhan</i> <i>Léirithe éagsúla d'fhuaim – éirí, spásairí, istigh, amuigh, culaith</i> | Leabhar eolais le clár agus innéacs. |
| Cén Dath atá Air? (Céim 8) | 137 9-10 líne | tá, an, mo, sé, sin, ann, atá, amharc leis, deas, orm, air, eile a dhéanamh, déanfaidh buí, dearg, bándearg rudaí, féin | Ar gach lch x2/3 éist béar mo Mhamaí fearg léine an fharraige mucíní criáin go léir mo phictiúr | <i>Litir amháin, fuaim amháin - dán, bán, glas, solas, tábla, cén, mise, gorm</i> <i>Dhá litir, fuaim amháin - ach, fírinne, dathanna, dath, mh (mo mhamaí), fh (an fharraige), ph (mo phictiúr)</i> <i>Léirithe éagsúla d'fhuaim – sé, éist, léir, féin, béar - fearg, mo phictiúr</i> | Struchtúr le rím Dathanna |
| Maidin Mhaith (Céim 9) | 155 2-6 líne | an, ag, agus, atá, ní, é, í, arsa, ann chuir, thug seasamh, ithe muidne, isteach, | Ar gach lch x2/3 Breandán an ghrian an chaora seasamh sa pháirc bricfeasta muidne | <i>Litir amháin, fuaim amháin - cé, ina</i> <i>Dhá litir, fuaim amháin - srannfach, amach, a chró,</i> | Beannachtaí. Ceist agus freagra athráite. |

| | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|
| | | inniu madadh, Daidí, léim, bia, teach, maidin | cearca mhaith na huibheacha d'imigh leaba | an mhuc, ina phóca, sa phota, Satharn, ph (sa pháirc), mh (mhaith), ch (an chaora, teach), gh (an ghrian) <i>Léirithe éagsúla</i> <i>d'fhuaim –</i> seasamh, madadh - cearca, leaba, teach, seasamh, Breandán, bricfeasta, maidin, madadh | |
|--|--|--|--|--|--|

Banda 5 (Glas)

- Léamh go líofa ag díriú aird ar phoncaíocht
- Focail nua a réiteach trí amharc ar mhionsonraí sa phrionta, ciall agus comhréir
- Línte eile i bprionta a leanúint le súil gan stró
- Réimse leathan de théacsanna a léamh, neamhfhicsean san áireamh
- Plé níos leithne a dhéanamh ar charachtair agus plota
- Clár agus gluais a úsáid i leabhair neamhfhicsin le heolas a chuardach

Gnéithe an téacs:

- Abairtí níos faide agus níos mó éagsúlachta ann
- Fíorbheagán den athrá ar abairtí ach focail nua athráite
- Níos mó carachtar agus réimse níos leithne de charachtair
- Imeachtaí a mhaireann cúpla leathanach
- Níos mó focal ar gach leathanach
- Foclóir nach bhfuil chomh haitheanta céanna, níos dírithe
- Níl ach tacaíocht bheag ann sna léaráidí
- Prionta i mboscaí, teidil, léaráidí, srl. i leabhair neamhfhicsin

Abairtí níos faide. Beagán athrá, agus le struchtúr níos casta. Focail athráite. Níos mó focal ar gach leathanach. Imeachtaí a mhaireann cúpla leathanach.

Céim ar Chéim, Banda 5

| Teideal | Líon focal/ líne | Focail ardmhinicíochta | Focail suime | Focail fuaime Céim 1-4 | Gnéithe teanga |
|---|---------------------|--|--|--|---|
| Mo Theaghlach (Céim 6) | 107 1-5 líne | “Seo duine a liom. An bhfuil a fhios agat cé hí? Is í mo ... í.” is mise ar cé ort agam agat dom súgradh liom | Ar gach lchx2/3 mo theaghlach Áine Dia duit casadh duine aire mo mhamaí mo dhaidí mo dheartháir uachtar reoite mo dhaideo léann leabhair | <i>Litir amháin, fuaim amháin -</i> hí, hé, é, grá, do <i>Dhá litir, fuaim amháin -</i> thugann, mo mhamó, mh (mo mhamaí), th (mo theaghlach), dh (mo dhaidí, mo dheartháir, mo dhaideo) <i>Léirithe éagsúla d’fhuaim –</i> dom, súgradh, casadh | Struchtúr abairte ‘ceist agus freagra’. An chopail. mo + séimhiú. |
| An Ciste (Céim 6) | 175 3-7 líne | ar, dul, sin, agus, amharc, an bhfuil chuaigh, rinne, d’imigh thig, linn, leis, sibh, agam, daoibh a dhéanamh, tabharfaidh ar ais, cad chuige | Ar gach lch x3 Breandán bóin Dé siúlóid ubh Bairbre caoineadh a chaoineadh abhaile | <i>Litir amháin, fuaim amháin -</i> bú-hú, cad, ár, Dé, fosta, tar, ciste, Brídín <i>Dhá litir, fuaim amháin -</i> nach, a chiste , ár gciste , bh (<i>abhaile, tabharfaidh</i>), bh (<i>sibh, ubh, daoibh</i>) <i>Fuaimanna coitianta -</i> trua, chuaigh | Struchtúr dráma. Ceist agus freagra. Poncaíocht. |
| Bó sa Chistin agus Scéalta eile (Céim 7) | 251 (gan an dán) | an, ag, ar, na, is, sí, í, sé, bhí, le, seo, agus, amharc, arsa | Ar gach lch x3-5 scríobach scríob | <i>Litir amháin, fuaim amháin -</i> cat, rud, an, úr, stad, as, brat, | Dán agus 3 scéal. Patrúin i |

| | | | | | |
|--|---|---|---|--|---|
| | 2-7 | <p>maith, eile, leis, siad, chuig</p> <p>suas, síos, súgradh</p> <p>thig, leat, léi</p> <p>Mamaí, Daidí, Mamó</p> <p>amach, d’amharc, níor mhaith</p> <p>chuaigh, rinne</p> <p>dóibh, arís, di</p> <p>uisce</p> | <p>an chathaoir scairt as an ghairdín brat urláir páipéar speisialta a scríobadh cearca Nuala ainm rua suí ar ghlúin ar chloigeann cónaí aire bia leanann uibheacha an pháirc céimeanna luascáin ar chrandaí bogadaí sleamhnán</p> | <p>do, Lára, Mamó, lena, Mara, Malik, Simba, fosta, darb</p> <p><i>Dhá litir, fuaim amháin - gach, carr, bláthanna, amach, balla, lena chasúr, sa chró, tugann, cochán, ch (an chathaoir, ar chloigeann, ar chrandaí, scríobach), gh (as an ghairdín, ar ghlúin)</i></p> <p><i>Léirithe éagsúla d’fhuaim – Daidí, scríob, suí, bogadaí, cónaí, Mamaí, di – súgradh, scríobadh</i></p> <p><i>Fuaimeanna coitianta - bia, siad, speisialta – Nuala, luascáin</i></p> | <p>bhfocail – scríob/scríobach</p> <p>Uatha/Iolra</p> |
